

✿ An Lúibín ✿

18 Lúnasa 2010

Critéir do scoileanna

New rules for Irish-medium secondary education.

Tá 'leasú suntasach' le déanamh ar an gcaoi a dtugtar aitheantas d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn, agus critéir nua le leagan amach dá réir. Beidh soiléire nua ag baint leis an gcinnteoireacht a dhéanann an Roinn Oideachais agus Scileanna, más ea.

Ar na saolta atá anois ann, mar shampla, caithfidh scoileanna nua lán-Ghaeilge a bheith in ann freastal ar chúrsaí éagsúlachta – ceisteanna creidimh agus cúrla. Moltar freisin go mbunófaí Aonaid Ghaeilge i scoileanna lán-Bhéarla mura bhfuil éileamh go leor ar scoil lán-Ghaeilge i gceantair áirithe.

Tá Grúpa Comhairleach a chur ar bun chun moltaí a chur faoi bhráid an Tánaiste, ó deirtear go gcaithfear slí a fháil do 67,000 dalta breise faoin m bliain 2024.

❖❖❖❖❖

Ceiliúradh Chló Iar-Chonnachta

An Irish-language publisher fosters writing in Irish.

Tá leabhair Ghaeilge á gcur i gcló gan stad ó dheireadh an 19ú haois i leith, agus foilsitheoirí ag teacht ar an bhfód dá réir. Cuireadh Cló Iar-Chonnachta ar bun cúig bliana is fiche ó shin, agus mar cheiliúradh air sin tá siad ag reachtáil ceardlann i gConamara (2/10/2010) agus i mBaile Átha Cliath (18/9/ 2010) do scríbhneoirí óga Gaeilge nár fhoilsigh aon leabhar fós.

Beidh roinnt scríbhneoirí aitheanta ann freisin, mar a neartófaí cathlán le saighdiúirí seanchruaite. Iarrfar gearrscéal, dánta nó sliocht as úrscéal ar an dream nua, agus déanfar an chuid is fearr acu a chíoradh. Micheál Ó Conghaile agus Jackie Mac Donncha na stiúrthóirí.

Cló Iar-Chonnachta: www.cic.ie.

❖❖❖❖❖

Léamh agus scríobh

Someone must be reading Irish, as even the limited selection below makes clear.

Mar léargas ar an éagsúlacht a bhaineann le litríocht chomhaimseartha na Gaeilge, ag seo cuid de na saothair a tháinig amach ar feadh na m blianta deireanacha seo.

An Leabhar Mór (The Great Book of Gaelic), saothar a chuir Theo Dorgan agus Malcolm Maclean in eagair. Idir fhilí agus ealaíontóirí ann. Foilsíodh ar dtús é sa bhliain 2002 agus athsheoladh arís in Éirinn é sa bhliain 2008: íomhánna de shaothair ealaíne ón séú haois go dtí an t-aonú haois déag is fiche agus dánta lena gcois.

Drámaí le Micheál Ó Conghaile, údar agus aistritheoir. Dráma amháin le Micheál féin, *Go dTaga do Ríocht*, agus aistriúcháin leis ar dhá dhrama Béarla, *Cripil Inis Meáin* (*The Cripple of Inishmaan*) le Martin McDonagh agus *Boicíní Bhóthar Kilburn* (*The Kings of the Kilburn High Road*) le Jimmy Murphy. Fuair *Cripil Inis Meáin* an-mholadh agus é á léiriú trí Ghaeilge – dúradh gurbh fhearr é ná an

bunleagan Béarla. **Mná Dána** - drámaí le Celia de Fréine, file (Arden 2009), a ligeann guth na mban chugainn. **Caite le Chéile** – trí dhráma le Maria Ní Mhurchú (An Sagart 2010): *Imithe le Gealaigh* (a bhuaigh Gradam na hAmharclainne), *An Préachán Bán*, agus *Réiltín*, dráma faoi ‘baglady’ i mBaile Átha Cliath. Agus stair: **An Damer - Stair Amharclainne**, leabhar le Máiréad Ní Chinnéide (Gael Linn 2009). Bhí an Damer lonnaithe ar Fhaiche Siabarna agus an-tábhacht léi i saol phobal na Gaeilge idir na blianta 1955 agus 1976 – tréimhse a raibh an drámaíocht amaitéarach i mbuaic a réime.

Salann Garbh, gearrscéalta le Joe Steve Ó Neachtain (Cló Iar-Chonnachta 2009), cainteoir dúchais ó Chonamara a bhfuil dhá úrscéal, drámaí agus cnuasach filíochta foilsithe aige. An-greim ar an teanga riamh aige, agus mealladh san insint. **Canary Wharf**, gearrscéalta le Orna Ní Choileáin (Cois Life 2009) - saol na stocbhrócaerachta, an airgeadais agus na teicneolaíochta, mar a deir an blurba. Duaiseanna sa phrós, san fhilíocht, sa drámaíocht agus sa ghearrscéalaíocht gnóthaithe aici.

Agus Rud Eile De / And Another Thing – díolaim dhátheangach le Louis de Paor (Cló Iar-Chonnachta 2009) agus aistriúcháin le Kevin Anderson, Biddy Jenkinson, Mary O'Donoghue agus leis an údar féin. Pictiúir le Kathleen Furey ann agus ceol le Ronan Browne, píobaire, ar dhlúthdhiosca. **Zein na Gaeilge** – hadhcúnna le Ciarán Ó Coigligh (An Sagart 2009). ‘Iarracht ar an íogaireacht Chaitliceach a chur in áit na marana Búdaíche de mhianach Zein,’ mar a deir an blurba. 176 dán ann, agus seacht siolla dhéag i ngach ceann acu. **Turas go Bun na Spéire**, cnuasach filíochta le Rita Kelly (Cló Iar-Chonnachta), file a bhfuil iomrá léi le tamall maith de bhlianta.

Na Gaeil i dTír na Gauchos - na Éireannaigh san Airgintín ó 1516 i leith. Micheál De Barra an t-údar (Coiscéim 2009). Tá léirmheas le Eoghan Mac Aogáin le fáil (i mBéarla) in *Irish Migration Studies in Latin America*: <http://www.irlandeses.org/0907macaogain.htm>. **Ó Chósta go Cósta**, leabhar le Frank Reidy (Cló Iar-Chonnachta 2009), Éireannach a chuaigh chun Ruanda sa bhliain 1994 faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, agus a shiúil oirtheар na hAfraice chun léargas a fháil ar thaobh eile de shaol na hollchríche – an gáire, an spraoi agus an fhéile

Fin de Siècle na Gaeilge – Darwin, an Athbheochan agus Smaoiteoireacht na hEorpa: staidéar le Brian Ó Conchubhair (An Clóchomhar/Cló Iar-Chonnachta 2009). Aois mhór i saol na Gaeilge ba ea an Athbheochan, rud a tharla idir deireadh an naoú haois déag agus túis an fichú haois. Rian chonspoidí móra intleachtúla na hEorpa uirthi ó thús, rud a phléitear sa leabhar seo.

Cén Sórt É - Bailiúchán den iliomad focail Ghaeilge a thiomsaigh Tomás Ó Fiacháin (An Gúm 2009), agus iad ag cur síos ar thréithe an duine. Gontacht agus géire ag baint leo. Cuid den dúchas iad.

Féach <http://www.gaelport.com/eisiuinti-urnua>.



Ceist na Gaeilge i dTalamh an Éisc

From the 18th century until the first few decades of the 20th century (perhaps longer) Irish was a living language in Newfoundland and surrounding areas. In popular Newfoundland culture this history has been consigned to silence - an extraordinary thing, given that the most characteristic elements of that culture come ultimately from the language and all it brought with it.

Fódú na Gaeilge

Tháinig na Ghaeilge i dtír i dTalamh an Éisc sa chuid dheireanach den 17ú haois le hÉireannaigh a rinne ar an áit le haghaidh na hiascaireachta séasúraí. Tháinig méadú ar a líon agus daoine ag bunú sráidbhailte agus feirmeacha. B'fhéidir go raibh timpeall 4,000 Éireannach idir 1750 agus 1770, ach faoin m bliain 1836 bhí isteach is amach le 38,000 Éireannach ann. Tháinig a bhformhór mór ó Chontae Phort Láirge, ó dheisceart Chontae Chill Chainnigh, ó oirdheisceart Chontae Thiobraid Árann agus ó iardheisceart Chontae Longfoirt. Tháinig a lán eile ó oirtheар Chontae Chorcaí. I dTalamh an Éisc

d'fhódaigh a bhformhór iad féin ar leithinis Avalon, agus níl aon amhras ná gur thug siad flúirse Gaeilge isteach leo.¹

San 18ú haois níor chuid suntais í úsáid na Gaeilge i dTalamh an Éisc; ba chuid den ghnáthshaol í nach ndéanfaí tagairt di i gcáipeísí oifigiúla ach amháin nuair ba ghá. Ba mhinic ab éigean ateangairí a úsáid sna cúirteanna fiú sa chéad chuid den 19ú haois, agus thuig an Eaglais Chaitliceach go gcaithfeadh na sagairt Gaeilge a bheith acu. Bhain an tOirmhinneach Laurence Coughlan, Meitidisteach, leas as an teanga sna 1760í chun formhór phobal an Chladaigh Thuaidh a iompú chun malairet chreidimh. Bhí neart sa teanga fós i lár an 19ú haois; sa bhliain 1857 ceapadh an tAthair Ciarán Breathnach, cainteoir líofa Gaeilge, mar an chéad sagart paróiste ag Harbour Main.² (Ba shagart ceanndána polaitíúil é, rud a tharraing achrann agus círéib agus ba chúis le sagart eile a cheapadh ina áit.)

B'fhurasta don Ghaeilge maireachtáil sna góilíní a bhí le fáil ar feadh 6,000 míle slí ar chósta Thalamh an Éisc. Tá scéalta ann faoi dhaoine a bhí ag labhairt Gaeilge anuas go dtí an Chéad Chogadh Domhanda.

Ní i dTalamh an Éisc amháin a bhí na cainteoirí úd le fáil. Tá staidéar déanta ag Peter Toner, scoláire ó Cheanada, ar dhaonáireamh na bliana 1901 maidir le New Brunswick (laistea de Québec). Bailíodh eolas ar gach ball de gach teaghlaigh: ainm, aois, gnéas, gaol le ceann an teaghlaigh, creideamh, obair, lánúnachas, agus an contae nó an tir ar rugadh iad. Fiafraíodh díobh freisin an raibh Gaeilge acu. Tháinig Toner ar thrí theaghlaigh is tríocha san ionnláine a raibh Gaeilge acu in Havelock, in Springfield agus in Gagetown: in New Brunswick a rugadh 100 duine as 107 acu. Fiú gan trácht ar an nglúin ba shine, bhí 77 nduine sa chéad ghlúin eile, 88 nduine sa ghlúin ina dhiaidh sin agus 35 sa ghlúin ab óige.³ D'fhéadfadh cainteoirí dúchais a bheith ann, mar sin, anuas go dtí na daichidí.

Is dócha gur tugadh Gaeilge na háite chun Meiriceá féin sa 19ú haois, ós iomaí duine a d'imigh tar éis dá mhuintir a bheith ina gcónaí i dTalamh an Éisc le trí nó ceithre de ghlúine – sampla suimiúil de scaipeadh na teanga laistigh de Mheiriceá Thuaidh.

Díchuimhne agus cothú

An Ghaeilge a bhí ag na seandaoine ba í Gaeilge Chúige Mumhan í mar a bhí sí á labhairt i ndeireadh an 18ú haois agus sa chéad chuid den 19ú haois. Níor dheacair í a athchruthú le cúnamh Bhéarla na háite, canúint atá breac le hiasachtaí.⁴

Áitíonn Brian McGinn, duine a rinne staidéar ar an gceist, gurb annamh a admhaítear go raibh tábhacht leis an nGaeilge riámh i stair Thalamh an Éisc nó fiú go raibh sí ann ar chor ar bith.⁵ Is díol spéise é, mar shampla, gur éirigh le húdar 'The Arts in Newfoundland,' ríomhleabhar suimiúil faoi stair agus stádas cultúrtha Thalamh an Éisc, gan tagairt ar bith a dhéanamh don teanga mar chuid den chultúr sinseartha.⁶ Tá roinnt oibre acadúla déanta ar an gceist, ach ní mór an t-ábhar taighde í:

¹ Ceann de na foinsí ar fusa teacht orthu is ea 'Newfoundland: The Most Irish Place Outside of Ireland,' páipéar le Brian McGinn: <http://ics.leeds.ac.uk/papers/vp01.cfm?outfit=ids&folder=158&paper=159>. Déanann sé tagairt do roinnt foinsí fónta eile, idir leabhair agus pháipéir acadúla. I measc na bhfoinsí sin tá leabhar tábhachtach le hAodhán Ó hEadhra: *Na Gaeil i dTalamh an Éisc*, Coiscéim 1998.

² Vol. 37 # 44 Newfoundland Communities, Harbour Main, 2002: <http://ngb.chebucto.org/Articles/125-years-hm.shtml>.

³ Ábhar a soláthraíodh i dteachtaireacht phearsanta, 2007: 'What I have found tells me that Irish survived better (at least in New Brunswick) than hitherto believed'.

⁴ Tá Atlas Ríomhairithe Teangeolaíochta á chumadh do Thalamh an Éisc agus do Labrador. Tionscadal é atá i dtaobh le taifid chartlainne: <http://www.mun.ca/research/2005report/results/heritage.php>.

⁵ McGinn: 'The impression remains that the importance--indeed the very presence--of the Irish language seems to have been downgraded or effectively "written out" of Newfoundland's history, in a similar manner to that of its Irish women and young girls'.

⁶ Ireland Newfoundland Partnership (comhthionscadal cultúrtha de chuid Cheanada agus na hÉireann): féach *Contemporary Relations – 'The Arts in Newfoundland'*: <http://www.inp.ie/?q=node/9>.

ba dheacair teacht ar thagairt amháin do Ghaeilge Thalamh an Éisc in *Regional Language Studies... Newfoundland*, iris léannta de chuid Ollscoil Memorial i dTalamh an Éisc.⁷

Mar sin féin, bhí daoine ann nár scoláirí gairmiúla iad a chuir suim i dteanga a sinsear. Ar na samplaí is suntasaí tá Aly (Aloysius) O'Brien, fear a cailleadh sa bhliain 2008 in St John's i dTalamh an Éisc in aois a thrí bliana déag is ceithre scór.⁸ Ba scoláire Gaeilge é, ach ba é Oisín i ndiaidh na Féinne é;ní raibh aon chainteoirí dúchais fágtha ina cheantar féin, cé gur chuimhin leis an teanga a bheith ag máthair a athar, bean ó Bhaile Héil i gContae Chill Chainnigh a cailleadh sa bhliain 1906. Bhíodh sí ag caint i nGaeilge lena haintín, cainteoir dúchais eile. Ba Bhéarlóir é athair Aly ach bhí ardmheas aige ar an nGaeilge; sa bhliain 1931 fuair Aly cóip de *Simple Lessons in Irish*, leabhar le hEoghan Ó Gramhna ar phríomhúirlis de chuid na hAthbheochana é fadó, agus thug sé féin agus a athair faoi. Tar éis an Chogaidh fuair Aly ceirníní Linguaphone agus Ghael-Linn, agus sa bhliain 1970 bhí sé in ann freastal ar ranganna a reachtáil an Dr Risteárd Breatneach ó UCD. D'fhoghlaím sé an teanga chomh maith sin go raibh sé in ann í a mhúineadh do dhaoine eile. (Deirtear go raibh foclóir an Duinnínigh slogtha siar aige.) Bhí an-eolas aige freisin ar nósanna agus ar bhéaloideas a mhuintire agus ar luibheolaíocht an oileáin, eolas a bhí sé in ann a roinnt ar dhaoine eile tríd an raidió agus tríd an teilifís.

Clabhsúr

Tá beagán scoláirí acadúla a chuireann suim sa teanga, agus tá neart ábhair i mBailiúchán an Léinn Éireannaigh in Ollscoil Memorial i dTalamh an Éisc – os cionn 15,000 leabhar, os cionn seasca iris, agus a lán áiseanna d'fhoghlaimeoirí Gaeilge.⁹ Tá Memorial ar cheann de na hollscoileanna a bhaineann tairbhe as Fondúireacht Ollscoil Éireann Cheanada i ngeall ar Chúntóireachtaí do Theagasc na Gaeilge (cúntóirí óga teagaisc ó Éirinn). Is iad na hollscoileanna eile Ollscoil Choláiste Naomh Mícheál mar chuid d'Ollscoil Toronto in Ontario; Ollscoil Concordia in Montréal in Québec; Ollscoil Naomh Francis Xavier in Antigonish in Nova Scotia; Ollscoil Naomh Muire in Halifax in Nova Scotia; agus Ollscoil Naomh Tomás in Fredericton in New Brunswick. Lena chois sin tá Ollúnacht Chuairte sa Ghaeilge i Róin an Léinn Cheiltigh in Ollscoil Toronto. Tá a lán mac léinn ó Cheanada ag déanamh cursa míosa Gaeilge ar an gCeathrú Rua de bharr scoláireachtaí na Fondúireachta.¹⁰

Ní féidir an méid sin a lochtú, ach is beag a dhéantar chun an gnáthdhuiine a chur ag smaoineamh ar ar eascair as dúchas na Gaeilge. Na tréithe ar leith a bhaineann fós le cultúr an réigiúin fáisceadh as an nGaeilge iad sa chéad dul síos, agus a rian sin ar an ngnáthchaint go fóill. Tá daoine mórlach as ceol na háite ach is annamh a chuimhnítear ar an méid a ligeadh ar láir. Ní hé gurbh fhiú ná gurbh fhéidir muintir na háite a iompú ar mhalaírt teanga; ach b'fhiú aird a thabhairt arís ar bhunús an dúchais.



⁷ <http://collections.mun.ca/cdm4/browse.php?CISOROOT=%2Frlsn>

⁸ 'Late Aloysius Patrick O'Brien,' Munster Express: <http://www.munster-express.ie/obituaries/late-aloyius-patrick-obrien/>. Tá eolas eile le fáil in Coogan, Tim Pat (2002), *Wherever Green is Worn*, Arrow. ISBN 978-0-09-995850-5 (0-09-995850-3)

⁹ <http://www.library.mun.ca/qeii/irish/irish.php?print=1>

¹⁰ <http://www.icuf.ie/irishprogramme2010.html>.

**Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó
chun coling.ryan@ato.gov.au.**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to
coling.ryan@ato.gov.au.*

Critéir do scoileanna

Tá critéir¹¹ nua soiléire ann anois chun aitheantas¹² a thabhairt d'iarbhunscoileanna¹³ lán-Ghaeilge.

Caithfidh scoileanna nua lán-Ghaeilge freastal ar chúrsaí éagsúlachta¹⁴ – ceisteanna creidimh agus cúnla.¹⁵ Moltar freisin go mbunófai¹⁶ Aonaid Ghaeilge i scoileanna lán-Bhéarla mura bhfuil éileamh go leor ar scoil lán-Ghaeilge i gceantair áirithe.

Tá Grúpa Comhairleach le cur ar bun chun moltaí a chur faoi bhráid¹⁷ an Tánaiste. Tá síul ag daoine go mbeidh 67,000 dalta breise sna scoileanna lán-Ghaeilge faoin m bliain 2024.

Léamh agus scriobh

Tá leabhair Ghaeilge á gcur i gcló gan stad ó dheireadh an 19ú haois i leith,¹⁸ agus foilsitheoirí ag teacht ar an bhfód¹⁹ dá réir.²⁰ Cuirteadh Cló Iar-Chonnachta ar bun cúig bliana is fiche ó shin, agus mar cheiliúradh air sin tá siad ag reachtáil ceardlann²¹ i gConamara (2/10/2010) agus i mBaile Átha Cliath (18/9/ 2010) do scríbhneoirí óga Gaeilge nár fhoilsigh aon leabhar fós.

Iarrfar²² gearrscéal, dánta nó sliocht as úrscéal ar na scríbhneoirí, agus déanfar an chuid is fearr acu a phlé.²³

Ceist na Gaeilge i dTalamh an Éisc

Tháinig na Ghaeilge chun Talamh an Éisc i ndeireadh an 17ú haois. Bhí timpeall 4,000 Éireannach ann idir 1750 agus 1770. Faoin m bliain 1836 bhí timpeall 38,000 Éireannach ann. Tháinig a bhformhór mór²⁴ ó chontae in Éirinn mar a raibh an Ghaeilge láidir.

San 18ú haois i dTalamh an Éisc labhraíodh²⁵ daoine Gaeilge mar theanga choitianta. B'éigean²⁶ ateangairí²⁷ a úsáid sna círteanna fiú sa chéad chuid den 19ú haois, agus thuig an Eaglais Chaitliceach go gcaithfeadh na sagairt Gaeilge a bheith acu. Is dócha go raibh Gaeilge á labhairt in áiteanna iargúlta anuas go dtí an Chéad Chogadh Domhanda ar a laghad.

Ní i dTalamh an Éisc amháin a bhí na cainteoirí úd le fáil. Tá staidéar déanta ag Peter Toner, scoláire ó Cheanada, ar dhaonáireamh na bliana 1901 maidir le New Brunswick (laistea de Québec). Tá eolas le fáil sa daonáireamh sin ar cá mhéad duine a labhair Gaeilge ag an am. Fuair Toner go raibh a lán cainteoirí dúchais i mbalite beaga i New Brunswick, agus cuid de na daoine sin an-óg. Chuaigh a lán daoine ó Thalamh an Éisc chun Meiriceá sa 19ú haois, agus is minic a thabharfaidís²⁸ an Ghaeilge anonn²⁹ leo.

¹¹ Critéir - criteria

¹² Aitheantas - recognition

¹³ Iarbhunscoileanna – post-primary schools

¹⁴ Cúrsaí éagsúlachta – (matters of) diversity

¹⁵ Cúnla - background

¹⁶ Go mbunófai – should be founded

¹⁷ (Cuir rud) faoi bhráid an Tánaiste – refer something to the Tánaiste (Deputy Prime Minister)

¹⁸ Ó dheireadh an 19ú haois i leith – from the end of the 19th century onwards

¹⁹ Ag teacht ar an bhfód – appearing, coming into existence

²⁰ Dá réir - accordingly

²¹ Ag reachtáil ceardlann – running workshops

²² Iarrfar – will be requested (ar – from)

²³ Déanfar an chuid is fearr acu a phlé – the best of them will be discussed

²⁴ A bhformhór mór – the great majority of them

²⁵ Labhraíodh – used to speak

²⁶ B'éigean – it was necessary

²⁷ Ateangairí - interpreters

²⁸ Thabharfaidís – they would bring

²⁹ Anonn – over there (implying movement)

Labhair daoine Gaeilge Chúige Mumhan mar a bhí sí á labhairt i ndeireadh an 18ú haois. B'fhéidir í a athchruthú³⁰ le cúnamh Bhéarla na háite, canúint atá breac³¹ le hiasachtaí.

Deirtear³² gur minic nach n-admhaítéar³³ go raibh tábhacht leis an nGaeilge riamh i stair Thalamh an Éisc. Ach chuir daoine éigin spéis inti as 20ú haois, ar nós Aly (Aloysius) O'Brien, fear a cailleadh³⁴ sa bhliain 2008 i dTalamh an Éisc in aois a thrí bliana is nócha.³⁵ Ba scoláire Gaeilge é, agus bhí eolas mór aige ar nósanna agus ar bhéaloideas a mhuintire.

Tá neart ábhair i mBailiúchán an Léinn Éireannaigh in Ollscoil Memorial i dTalamh an Éisc. Tá Memorial agus ollscoileanna eile ag baint tairbhe as cúnamh Fhondúireacht Ollscoil Éireann Cheanada chun Gaeilge a mhúineadh. Tá mórán mac léinn ag déanamh staidéar ar an nGaeilge ar an gCeathrú Rua le scoláireachtaí a fuair siad ón bhFondúireacht.

Tá sin go maith, ach ní chuimhníonn an gnáthduine ar thábhacht³⁶ chultúrtha na teanga i dTalamh an Éisc. Na tréithe³⁷ a bhaineann le cultúr an réigiúin tháinig siad ón nGaeilge ar dtús. B'fhiú do dhaoine³⁸ aird a thabhairt³⁹ arís ar bhunús an dúchais.

³⁰ Athchruthú – re-create

³¹ Breac (le) – ‘spotted’ or thick with

³² Deirtear – it is said

³³ Nach n-admhaítéar – that it is not acknowledged

³⁴ A cailleadh – who died

³⁵ In aois a thrí bliana is nócha – at the age of ninety-three

³⁶ Tábhacht - importance

³⁷ Tréithe - characteristics

³⁸ B'fhiú do dhaoine – it would be worthwhile for people

³⁹ Aird a thabhairt (ar) – pay attention to